



Folúntas: Saineolaí - Eipidéimeolaíocht um Ghalair Thógálacha **Aonad: Tacaíocht Faireachais agus Freagartha** **Tagairt: ECDC/AD/2017/SRS-EIDE**

Tá an tIonad ag iarraidh trí fholúntas do Shaineolaithe ar Eipidéimeolaíocht um Ghalair Thógálacha a líonadh faoi láthair; dhá cheann i réimse an fhaireacháin (a bhaineann go sonrach le VPD agus le EVD), agus ceann eile le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha (lena n-áirítear freagairtí ginearálta agus freagairtí a bhaineann le VPD), ach freisin d'fhonn liosta ionadaithe a chur ar bun a fhéadfar a úsáid le haghaidh aon fholúntas sa todhchaí sna réimsí seo nó i réimsí eile.

Iarrtar ar iarrthóirí cur isteach ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Cuirfidh an sealbhóir poist leis an obair i gceann amháin nó níos mó de chláir ghalair ECDC (frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, galair éiritheacha agus galair veicteoir-iompartha, galair agus zónóisí bia-iompartha agus uisce-iompartha, STI lena n-áirítear HIV agus víris fuil-iompartha, fliú, eitinn, galair inchoiscthe trí vacsaíniú) nó cuirfidh sé/sí leis an obair in aon cheann de na limistéir fheidhmeacha (faireachas, faisnéise agus freagairt eipidéime, measúnú eolaíoch, modhanna eipidéimeolaíochta). Cuirtear an sealbhóir poist san Aonad Faireachais agus Tacaíochta Freagartha.

Beidh sé/sí i mbun oibre a chuimsíonn meascán de na réimsí gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cur le sonraí faireachais faoi ghalair theagmhálacha a bhailiú, a bhailíochtú, a anailísiú, a léiriú agus a scaipeadh, agus/nó na dualgais sin a chomhordú, agus fócas ar réimse galair ar leith;
- Cur le comhardú straitéiseach agus ó lá go lá na líonraí faireachais um ghalair theagmhálacha, lena n-áirítear cruinnithe a ullmhú, a eagrú agus obair leantach a dhéanamh orthu;
- Dul i dteagmháil le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá rannpháirteach san fhaireachas de ghalair theagmhálacha;
- Cur le neartú agus comhtháthú den fhaireachais eipidéimeolaíochta agus saotharlainne ar ghalair theagmhálacha sna Ballstáit;
- Gnáthshonraí faireachais faoi ghalair theagmhálacha a chur in iúl ar bhealach tráthúil trí thuarascálacha ardchaighdeáin ECDC agus trí ábhar gréasáin ECDC, agus trí thorthaí

taighde a chur in iúl i bhfhoilseacháin phiarmheasúnaithe agus trí chuir i láthair ag comhdhálacha eolaíochta;

- Cur le staidéir eolaíochta agus le tionscadail sainsiúil do ghalair sa réimse saineolais aige/aici agus/nó na dualgais sin a chomhordú;
- Cur le táirgeadh de mheasúnuithe mear-riosca/mear-ráig;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí eile ECDC sa réimse saineolais aige/aici, de réir mar is gá;
- Cabhrú le linn éigeandálaí sláinte poiblí agus cabhrú le córas dualgas 24/7 atá i bhfeidhm ag ECDC, nuair is gá.

Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do chúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le diplóma¹;
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air nó uirthi a fheidhmiú²;
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas:

- 5 bliana taithí ghairmiúil ar a laghad (tar éis bhronnadh an diplóma), ar a bhfuil 3 bliana ar a laghad de thaithí a fuarthas i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist, amhail

¹ Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

² Chun bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thrú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

³ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, galair éiritheacha agus veicteoir-iompartha, galair agus zónóisí bia-iompartha agus uisce-iompartha, STI lena n-áirítear HIV agus víris fuil-iompartha, fliú, eitinn, galair inchoiscthe trí vacsaíniú, faireachas, faisnéis agus freagairt eipidéime, measúnú eolaíoch, modhanna eipidéimeolaíochta;

- Céim ollscoile i réimse na sláinte poiblí, na heipidéimeolaíochta, na n-eolaíochtaí bitheacha, an leighis nó i réimse gaolmhar eile;
- Taithí leathan ar fhaireachas eipidéimeolaíochta agus ar anailís sonraí de ghalair theagmhálacha ag an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta;
- Taithí agus scileanna cruthaithe in anailís sonraí agus léirmhíniú d'fhaisnéis eolaíoch agus in eipidéimeolaíocht anailíseach ag baint úsáide as bogearraí staidrimh;
- Taithí chruthaithe i bhfaisnéis eolaíoch a chur in iúl d'údaráis, do phiaraí agus do phobal meáin níos leithne, go háirithe trí chuir i láthair bhéil agus trí ailt eolaíochta a fhoilsiú;
- Eolas sármhaith ar ghníomhaíochtaí laistigh den AE a bhaineann le faireachas agus rialú de ghalair teagmhálach amháin nó níos mó;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- A bheith dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar sheirbhís;
- An cumas chun oibriú i gcomhar le daoine eile agus chun dlúthchaidrimh oibre a chothú;
- Sárscoilleana anailíse;
- Dírithe ar thorthaí agus an cumas chun tionscnaíocht a ghlacadh;
- Scileanna láidre eagraíochtúla agus an cumas chun oibriú faoi bhrú;

Tá an taithí agus na scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost aitheanta againn freisin. Is iad sin:

- Oiliúint san eipidéimeolaíocht allamuigh (m.sh. EIS, EPIET, FETP) nó oiliúint acadúil san eipidéimeolaíocht;
- Taithí chruthaithe i ndáil le bogearraí STATA nó R a úsáid le haghaidh anailíse sonraí eipidéimeolaíochta;
- Taithí i mbainistíocht tionscadail ag an leibhéal náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Ceapadh agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfadh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta d'iarrthóirí a bhunú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Déanfar an ceapachán ag grád **AD 5**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críocha earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe le do thoil chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais ón ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Pages/JobOpportunities.aspx>

Tá an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴ Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr leis an ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.